An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 64/2013

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna

Laghdú sna Riachtanais Cáilíochta Seirbhíse do Theidlíocht ar Mheasúnú do Chonradh Tréimhse Éiginnte do Mhúinteoirí faoi Imlitir 82/2007

Aidhm na hImlitreach

1. Is í aidhm na himlitreach seo ná na húdaráis bhainistíochta ar bhunscoileanna agus múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe sa tréimhse cáiliúcháin do mhúinteoirí atá fostaithe ar bhonn téarma seasta le measúnú do chonradh tréimhse éiginnte.

Athruithe sa Tréimhse Cáiliúcháin do Theidlíocht ar Mheasúnú do Chonradh Tréimhse Éiginnte.

2. I gcomhréir le téarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington, tá múinteoirí atá fostaithe ar bhonn téarma seasta i dteideal a bheith measta do chonradh tréimhse éiginnte nuair atá breis agus 3 bliana de sheirbhís leanúnach acu leis an Scoil/Bord Bainistíochta céanna.

3. Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta anois aon bhall den fhoireann teagaisc a bhfuil, i ndiaidh 1 Iúil 2013, breis agus 3 bliana de sheirbhís leanúnach acu leis an bhfostóir sin, do theidlíocht ar chonradh tréimhse éiginnte faoi réir chuid 2 d'Imlitir 82/2007 agus conradh téarma éiginnte a eisiúint do mhúinteoir ar bith a shásaíonn na coinníollacha laistigh de sin.

4. Fanann téarmaí na hImlitreach 82/2007 gan leasú seachas an laghdú sa riachtanas seirbhíse do theidlíocht ar mheasúnú do chonradh tréimhse éiginnte ó 4 bliana go 3 bliana.

5. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo chuig an mBord Bainistíochta agus go dtarraingítear aird na múinteoirí uile id' fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta, ar a bhfuil san Imlitir seo.

6. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie .

Alfie Barrett
Rannóg Théarmaí agus Coinníollacha do Mhúinteoirí & do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

18 Nollaig 2013